

Déardaoin | Lá a Ceathair

Ranganna Idirmheánacha

(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)



Seachtain Food Dudes

Gníomhaíocht Matamaitice

Ceapadh an acmhainn seo agus í bunaithe ar fhíseán Sheachtain Food Dudes, leibhéal idirmheánach, lá 4. Nascann an acmhainn seo leis an gcuraclam Matamaitice le haghaidh grúpaí ranga i Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair.

Nascann an ghníomhaíocht seo leis na réimsí curaclaim a leanas:

Matamaitic > Meáchan

Matamaitic > Suimiú

Matamaitic > Dealú

Matamaitic > Iolrú (Rang a Trí agus Rang a Ceathair)

Oibríochtaí > Suimiú agus dealú

Teachtaireacht an Fhíseáin:

Inbhuanaitheacht – Is féidir liom a bheith freagrach agus mo chuid dramhaíola/mo thionchar ar an imshaol a laghdú.

Na Príomhthorthaí Foghlama:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste...

- ✓ Maidir le raon leathan rudaí, a meáchan a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú, aonaid mhéadracha chúí a úsáid agus uirlisí cuí tomhais a roghnú chuige
- ✓ Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú aonad meáchain (kg agus g) a réiteach
- ✓ A bheith eolach faoi fhórais suimithe agus dealaithe agus iad a thabhairt chun cuimhne
- ✓ Focalfhadhbanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú a réiteach

Treoirínnte don Mhúinteoir

**** Pleanáil agus ullmhúchán don cheacht seo**

Cabhraigh leis na daltaí oideas simplí le haghaidh liathróid fuinnimh a ullmhú sa rang. D'fhéadfadh sé seo a bheith an-fheiliúnach do ghrúpaí beaga.

Níl aon chnónna san oideas seo agus is féidir coirce saor ó ghlútan a úsáid má theastaíonn oideas saor ó ghlútan.

Ag teastáil:



An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



With financial support
from the European Union

Lá a Ceathair | Ranganna Idirmheánacha
(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)

Gníomhaíocht Matamaitice



Seachtain Food Dudes

Ag teastáil:

(Déanfaidh an méid seo 15 liathróid fuinnimh bheaga nó 10 liathróid fuinnimh mheánmhéide)

- ✓ 1 bhanana aibí
- ✓ 65g coirce rollta nó min choirce
- ✓ 50g rísíní
- ✓ 1 spúnóg bhoird mil nó síoróip mhailpe do veigeáin
- ✓ 1 spúnóg tae cainéal
- ✓ Píosa beag uisce (má bhíonn an meascán tirim)
- ✓ Scálaí
- ✓ Babhla mór bácála
- ✓ Spúnóg bhoird, Spúnóg tae agus Forc
- ✓ Spúnóg adhmaid nó Spadal
- ✓ Tráidire bácála
- ✓ Páipéar gréiscdhíonach



An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



With financial support
from the European Union

Gníomhaíocht Cócaireachta – Liathróidí Fuinnimh Banana nach gá a bhácáil

Go hiondúil bíonn liathróidí fuinnimh lán le saillte folláine, snáithín agus próitéin, rud a fhágann gur sneaic iontach iad le breith leat áit ar bith! Tá an t-oidéas seo thar cionn chun bananaí aibí a úsáid agus bíonn blas iontach orthu!

Ullmhúchán: 10 nóiméad

Fuarú: 20 nóiméad, ansin thar oíche más gá

Líon: 15 liathróid fuinnimh bheaga

Modh:

1. An chéad chéim is tábhachtaí – nigh do dhá lámh! Ba cheart duit tosú i gcónaí le lámha glana agus binse oibre glan.
2. Faigh babhla mór folamh agus bris do bhanana aibí ina 3 nó 4 phíosa ann. Brúigh an banana le forc go mbeidh sé bog agus glaeúil.
3. Tomhais an mhil nó an tsíoróip mhailpe agus cuir leis an mbanana brúite í. Measc é go hiomlán chun meascán fliuch a dhéanamh.
4. Tomhais an coirce, na rísíní agus an cainéal. Cuir sa bhabhla iad.
5. Measc go maith le spúnóg adhmaid iad.
6. Má bhíonn an meascán beagán tirim, cuir tuilleadh meala/síoróip mhailpe leis agus braon beag uisce – ach ná cuir an iomarca leis!
7. Leag an meascán sa chuisneoir ar feadh 20 nóiméad.
8. Idir an dá linn, glan do bhinse oibre agus aon trealamh a d'úsáid tú. Leag amach an tráidire bÁCála le páipéar gréiscdhíonach air.
9. Bain an meascán as an gcuisneoir. Tóg píosa den mheascán agus rolláil idir do bhosa é chun liathróid bheag a dhéanamh atá thart ar chomh mór le liathróid phreabtha. Déan arís é chun 15 liathróid a dhéanamh. Leag an liathróid ar an tráidire bÁCála. Lean ort mar sin go n-úsáideann tú an meascán ar fad.
10. D'fhéadfadh go mbeadh na liathróidí fuinnimh réidh le hithe láithreach. Má bhíonn siad fós róbhog, clúdaigh iad agus fág ag fuarú sa chuisneoir iad thar oíche chun iad a dhéanamh níos cruá.

Bain taitneamh astu!



Lá a Ceathair | Ranganna Idirmheánacha
(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)

Gníomhaíocht Matamaitice



Seachtain Food Dudes

Ceisteanna Cócaireachta:

Bhí Rocco an-tógtha le do chuid scileanna cócaireachta! Ba mhaith leis dá gcabhrófá leis níos mó liathróidí fuinnimh a ullmhú chun cuidiú leis na Food Dudes a bheathú.

Má itheann Rocco, Charlie, Tom agus Razz dhá liathróid fuinnimh an duine, cé mhéad liathróid a íosfaidh na Food Dudes?

Cé mhéad liathróid a bheadh fágtha ag na Food Dudes?

Ceist le haghaidh Rang a Trí agus Rang a Ceathair

Dá dteastódh ó na Food Dudes a ndóthain liathróidí fuinnimh a dhéanamh le go mbeadh péire an duine acu, uair sa tseachtain, go ceann 3 seachtaine, cé mhéad liathróid a theastódh?



An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



With financial support
from the European Union